| An tSraith Shinsearach<br>Cuntasaíocht | Grúpa Forbartha Cruinniú 2<br>18 Aibreán 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| Mír ar an gClár | Nótaí |
| Cur i láthair agus Plé ar an gCáipéis Eolais agus Treoir | Thug an feidhmeannach cur i láthair ar an gCáipéis Eolais agus Treoir le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. |
| Athbhreithniú ar an dréacht-réasúnaíocht agus ar na dréacht-aidhmeanna | Cuireadh cóip den dréacht-réasúnaíocht agus de na dréacht-aidhmeanna ar fáil do bhaill an ghrúpa forbartha agus d'oibrigh na baill i ngrúpaí beaga chun a n-aiseolas a fhorbairt. Rinneadh plé ansin agus rinneadh machnamh ar roinnt moltaí agus beidh siad mar chuid de bhunús de dhara dréacht a ullmhóidh an Feidhmeannach. |
| Struchtúr féideartha de Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta | D'oibrigh baill an ghrúpa forbartha i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le croí-fhoghlaim i gcuntasaíocht dar leo. Comhroinneadh agus pléadh aiseolas, agus úsáidfidh an Feidhmeannach an t-aiseolas chun bunús na chéad chéime eile den obair seo a chruthú in am don chéad chruinniú eile a bheidh ag an ngrúpa forbartha. |
| Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Déanfaidh an feidhmeannach athbhreithniú ar an bplé ar an dréacht-réasúnaíocht agus ar na dréacht-aidhmeanna, agus ar an struchtúr agus ar an gcroí-fhoghlaim a shainaithneofar chun nóta léitheoireachta a ullmhú agus ábhair a dhréachtú don chéad chruinniú eile.<br><br>An chéad chruinniú eile: 15 Bealtaine 2024 |